2010. S.24AT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010***

## STAIR - ARDLEIBHÉAL

(Ná cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

*FOINSÍ*


## 1. PICTIÚIR

***PICTIÚR A.***




**(Foinse:** travel.webshots.com **)**

*PICTIÚR B1.*




(Foinse : www.teachnet.ie)

*PICTIÚR B2.*




(Foinse: www.go.hrw.com)

**_PICTIÚR C._**




(Foinse :  www.multitext.uccie)

## 2. DOICIMÉID
## DOICIMÉAD 1.

**A. Cuntas finné súl a thug Karin Busch, cailín scoile Gearmánach, ar bhuamáil Dresden i 1945**

Roimh an 13 Feabhra 1945, ní raibh aon ghníomhaíocht aeir os cionn Dresden. Ceapadh gur cathair shábháilte a bhí inti agus chreideamar nach scriosfadh daoine a raibh grá acu don chultúr seoid mar Dresden go deo. Thart ar leath uair tar éis a naoi bhí mé i mo shuí síos agus mé ag fuáil mála do chara liom nuair a chuala mé torann glórach. Leis sin, thosaigh an domhan ar fad ag pléascadh i mo thimpeall............taobh amuigh bhuail stoirm ghaoithe agus thine mé. Bhí sé mar a bheifeá ag féachaint isteach in oigheann ollmhór a bhí ar lasadh…..bhí na lasracha ag scaipeadh thart timpeall orainn i ngach áit. Bhí mé in ann fosfar a fheiceáil ag damhsa ar an uisce, mar sin, ní raibh aon éalú i ndán dóibh siúd a chaith iad féin isteach san abhainn chun imeacht ón tine. Bhí coirp ar fud na háite agus bhí na gásmhaisc a bhí á gcaitheamh ag daoine ag leá agus ag greamú dá n-aghaidheanna. Bhí an slua ollmhór ag gluaiseacht gan aird agus chuamar ar thóir siléir chun dul i bhfolach ann ach i ngach siléar ar fhéachamar isteach ann bhí daoine ina suí marbh mar gur shúigh an tine an t-ocsaigin amach agus gur plúchadh iad. D’fhéach mé i mo thimpeall agus chonaic mé go raibh an chathair ar fad scriosta. Gach rud, na heaglaisí áille ar fad, bhí gach rud scriosta.

**B. Cuntas a thug an Leas-Aermharascal Donald Bennet ar bhuamáil Dresden.**

Bhuamálamar Dresden mar gur thargaid thábhachtach a bhí ann an oíche sin. Bhí na Rúisigh tar éis glaoch orainn i rith an lae agus d'iarr siadsan go háirithe, go ndéanfaí ruathar ar Dresden. Ag an am, bhí thart ar 80,000 (trúpaí Gearmánacha) ar a mbealach chuig cathéadan na Rúiseach, níos lú ná céad míle ar shiúl. Mar sin agus gan ach fógra gearr againn, seoladh chuig Dresden muid agus bhuamálamar é ar an ngnáthbhealach.

Is ar na Gearmánaigh a bhí an locht go ndeachaigh sé trí thine éasca go maith. Ní raibh aon réamhchúraimí in aghaidh aer-ruathar acu agus níor chreid siad gur chóir dóibh dada eile ach árais adhmaid a thógáil in Dresden. Tharla sé freisin go raibh státseirbhís na Gearmáine tugtha go Dresden acu. D’athraigh siad amach as Beirlín iad ar mhaithe le sábháilteacht – mar sin rinneamar roinnt buamála a bhí trom.

***Foinse: “Forgotten Voices of the Second World War”, Max Arthur, Random House, 2004***

**DOICIMÉAD 2**

**Sliocht as Chains or Change Irish Women’s Liberation Movement, Manifesto, 6 Márta 1971**

Tugann Alt 40 de bhunreacht na hÉireann cearta comhionanna do gach saoránach de chuid Phoblacht na hÉireann. Ní thugtar na cearta comhionanna sin do 1,434,970 acu (ar an gcomhaireamh deiridh). Is iad sin mná na hÉireann.

Níl aon fhíor-fhéiniúlacht ag bean phósta in Éirinn ná ní ann di aisti féin. Féachtar uirthi mar airnéis (maoin) a fir chéile……..caithfidh cead a bheith aici uaidh i gcomhair gach saghas ruda….

Is féidir ‘leis’ a n-ainm a athrú gan dul i gcomhairle léi. Ní féidir ‘léi’sin a dhéanamh.

Is é an t-athair caomhnóir dleathach na bpáistí: is aigesean amháin atá an ceart socruithe a dhéanamh maidir lena gcuid oideachais, a gcreideamh agus a n-áit chónaithe. Is féidir leis airgead a thógáil amach as cuntais taisce na bpáistí in oifig an phoist - ní féidir léise. Caithfear cead a fháil uaidh más gá na páistí a chur faoi scian dochtúra. Is féidir leis ainmneacha na bpáistí a chur ar a phas gan toiliú uaithise agus iad a thabhairt thar lear gan a cead. De réir dlí is leisean airgead an liúntais leanaí. Más mian leis gach pingin de a chaitheamh go fánach, tá an ceart sin go hiomlán aige.

Geallann bunreacht na tíre seo áit faoi leith do na mná atá sa bhaile. Ach níl an gealltanas sin curtha i bhfeidhm ag an dlí. Is féidir a thabhairt faoi deara go bhfuil stádas níos ísle ag na mná atá sa bhaile. Agus ansin dar ndóigh, má tá an bhean ag iarraidh nó más gá di dul amach ag obair, caithfidh sí dul i ngleic le pá neamhionann, an cosc pósta, gan aon áiseanna agus cáin phianúil.

***Foinse: “We Declare: Landmark Documents in Ireland’s History”, Aldous & Puirséil, Quercus, 2008***